



Trátaí a fhás ó shíolta

FEARAS	<p>Síolta trátaí. Píoc cinn a fhásann mar thor nó atá oiriúnach do shoithigh, ar nós BALCINO, TOTEM, nó TUMBLER. (Faigh go leor síolta chun ceann an duine a thabhairt do na páistí agus cúpla ceann don rang). Bíonn líon na síolta scríofa ar an bpacáiste. (Is cinnte go bhfásfaidh 90% díobh)</p> <p>Prócaí beaga bláthanna nó potaí iógairt</p> <p>Pota mór (4l)</p> <p>Múirín potaithe agus síolta</p> <p>Bia do na plandaí</p> <p>Bataí tacaíochta</p>
ULLMHÚCHÁN	<p>Faigh na síolta, múirín potaithe agus na prócaí beaga bláthanna nó potaí iógart, píosa plaisteach trédhearcach mar chlúdach ar na potaí go dtí go dtosaíonn na síolta ag fás, agus tráidire chun na potaí a chur ina seasamh air ag tús an tionscnaimh.</p>
CÚLRA	<p>Taispeánann an ghníomhaíocht seo na príomh chéimeanna i bhfás planda inite mar atá: síolta ag péacadh, ag teacht i mbláth agus na torthaí á ndéanamh. Léiríonn sé seo an timthriall beatha agus na tosca is cúis le fás plandaí.</p> <p>Fad Ama: Cuir na síolta i mí Feabhra; cuir i bpotaí nua iad ag deireadh Marta, tagann na bláthanna i mí Aibreáin, torthaí ó mhí Meithimh.</p>
SCILEANNA	<p>Ag breathnóireacht, ag imscrúdú agus ag tástáil</p>
GNÍOMHAÍOCHT	<p>Mairfidh an ghníomhaíocht seo ó mhí Feabhra go dtí laethanta saoire an t-samhraidh.</p> <ol style="list-style-type: none">1. Cuir síol amháin i ngach pota iógart. Lean na treoracha ar an bpacáiste síolta.2. Bíodh na potaí in áit gheal agus coimeád uisce orthu.3. Cuir i bpotaí níos fairsinge iad le múirín potaithe nuair atá siad 10 cm ar airde.4. Úsáid leasú leachtach nuair atá tú ag cur uisce leo agus lean leis na treoracha ar an mbuidéal.5. Tabhair tacaíocht do na plandaí le slata más gá.6. Is gníomhaíocht iontach é seo chun tuiscint, aire, agus cúram na bpáistí a chothú agus amhail le gach gníomhaíocht sa ghairdín beidh na lámha salach! Cothaigh pailniú trí bun na mbláthanna a chuimilt le seanscuab fiacra. Níl mórán den phailniú nádúrtha ó na beacha ag tarlú sa seomra ranga!
SÁBHÁILTEACHT	<p>Ní na lámha tar éis na síolta a chur agus tar éis na plandaí a chur i bpotaí.</p>
LEATHNÚ	<p>Tabhair cuairt ar áit ina bhfuil trátaí ag fás ar bhonn trádála.</p> <p>Cuir ceisteanna chuig: info@raringtogrow.com</p>